**Plean Freagartha don Fhilleadh Scoile GSCD- Meán Fómhair 2021**

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/#ag-filleadh-ar-scoil
DESGuidance:

Treoir Nua maidir le gar-teagmhailaithe le vaicsín 07.21:
https://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/vaccination/Guidance_impact%20of%20vaccination%20on%20contact%20tracing%20guidance.pdf

**Eolas do thuimitheoirí**

**1. Réamhrá**

Is plean beo é seo agus déanfar athbhreithniú air de réir mar is gá. Leagan 8 anseo. Iarrtar ar gach duine a bheith foighneach don chéad cúpla seachtain ar ais ar scoil. Fáilteoidh an scoil roimh aiseolas ar bith a bhaineann lenár bPlean Covid-19. Iarrtar ar thuismitheoirí a aithníonn rioscaí ríomhphoist a chur chuig an scoil. Pléifear iad ag leibhéal an bhoird bainistíochta agus déanfar athbhreithniú ar ár bplean má bhíonn gá ansin. Is féidir le tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an bPríomhoide tríd ríomhphost a sheoladh ag oifig@gaelscoilchilldara.com

**2. Cad é Plean Freagartha Scoile Covid-19?**

Is í an aidhm atá leis an bplean seo ná eolas a thabhairt faoi na hathruithe a bheidh de dhíth sa scoil chun
(a) an baol go dtiocfaidh an víreas isteach sa scoil a laghdú agus
(b) bainistiú a dhéanamh ar an mbaol go scaipfidh sé trí aird a thabhairt ar an méid seo.
Déanfar gach iarracht aire a thabhairt do shláinte agus d'fholláine na bpáistí agus na foirne. Tá an plean bunaithe ar chomhairle NPHET , 'Return to Work Safely Protocol' an Rialtais agus Plean Freagartha COVID-19 maidir le hAthoscailt Shábháilte agus Inmharthana Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta (An Roinn Oideachais). De réir mar a athraíonn comhairle NPHET, tiocfaidh athrú ar na prótacail a bheidh ag teastáil chun bainistiú a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le COVID-19.
Déantar iarracht sa phlean seo athruithe cuí a chur i bhfeidhm chun cosaint a dhéanamh ar shláinte na foirne agus na ndaltaí ionas gur féidir díriú ar an dteagasc agus ar an bhfoghlaim.

Tá freagracht roinnte i gceist nuair a thagann sé chuig ár scoil a athoscailt le linn na paindéime seo. **Tá go leor i gceist do na múinteoirí, na tuismitheoirí agus na páistí.** Ba mhaith linn a dhearbhú daoibh go mbeidh leas **na bpáistí i gcónaí chun tosaigh i ngach cinneadh a dhéantar a bhaineann lenár scoil.**

**NB Freagracht maidir le Cosaint Sonraí**
**Confidentiality**

a) **Ar mhaithe le príombháideachas agus rúndacht na ndaoine atá i gceist a chosaint ní féidir leis an scoil aon tráchtaireacht a dhéanamh ar cháscanna aonair ná ar ráigeanna Covid-19 i nGaelscoil Chill Dara.**

b) **Ní cheadaítear do phobal na scoile aon eolas atá roinnte leo go príombháideach agus faoi rún a roinnt ar na meáin shóisialta/ WhatsApp san áireamh agus ní cheadaítear an t-eolas a athrú ón mbunleagan de.**

c) **Tá sé tábhachtach nach mbíonn plé déanta ar chásanna ar na meáin shóisialta/ Whatsapp san áireamh.**
**Is ionann foilsiú ar na Meáin Shóisialta agus litir a fhoilsiú i nuachtán náisúnta, mar gheall ar cheisteanna cosaint sonraí, cosaint leanaí srl d'fhéadfadh cás dlí eascairt as a leithéid.**

**d) An féidir leis an scoil ainm an dalta/scoláire nó an bhaill foirne ar cás deimhnithe COVID-19 é/í a chomhroinnt?**
**Ní féidir, ní féidir leis an scoil ainm an duine a thástáil deimhneach le haghaidh COVID-19 (Covid-19 braite) a chomhroinnt. Tá an fhaisnéis sin príobháideach agus faoi rún. Ní inseofar ainm an cháis dheimhnithe do dhlúth-theagmhálaithe.**

**e)Chuala mé go bhfuil duine éigin ón scoil sainaitheanta mar chás deimhnithe COVID-19 - cén fáth nach ndearna Sláinte Phoiblí teagmháil liom.**
**B'fhéidir gur cinneadh cheana féin nach bhfuil aon dlúth-theagmhálaithe ná riosca tras-seolta ann laistigh de thimpeallacht na scoile e.g. mura raibh an duine sa scoil le linn na tréimhse tógálaí. Nuair is gá do Shláinte Phoiblí teagmháil a dhéanamh le scoil, déanfaidh siad é sin an lá céanna de ghnáth, nó an lá ina dhiaidh. Is cleachtas sábháilte é sin, mar níl an cás i dtimpeallacht na scoile a thuilleadh, agus mar sin níl an riosca a bhaineann le tras-seoladh ón gcás i láthair a thuilleadh.**

NB **Taisteal thar lear agus teacht ar scoil** - Meabhrúcháin do dhaoine ag teacht ar scoil tar éis taistil thar lear (Foireann, tuismitheoirí, páistí). Is gá do gach duine ag teacht go hÉireann claoi le na treoracha lagtha amach ag an rialtas ag baint le taisteal go áiteanna éagsúla maidir le tastáil aonarú sual filltear ar scoil:https://www.gov.ie/en/campaigns/75d92-covid-19-travel-advice/#

NB **Mascanna** - Iarraimid oraibh a mhíniú do na páistí go mbeidh an fhoireann scoile ag caitheamh mascanna (agus scáthláin uaireanta) sa scoil. Níor mhaith linn go mbeadh eagla orthu romhainn nuair a thagann siad isteach. Caithtear mascanna taobh istigh de gheataí na scoile ( daoine fásta amháin)

**Bolgáin agus Faighneoga** – Ranganna agus grúpaí/ neadacha
Nuair a fhilleann na páistí go léir ar scoil, beidh gach rang mar a bholgán féin. Ó Rang Naíonáin Bheaga go R6, cuirfear na páistí i ngrúpaí agus fanfaidh siad san fhaighneog seo ar feadh tuairim is míosa. Beidh íosfhad de mhéadar idir na faighneoga más féidir. Taobh amuigh, fanann

na páistí ag spraoi leis na páistí ina rang féin cé go mbeidh siad sa chlós leos an rang ón rang leibhéal féin.
Ó Rang 3-6, iarraimid ar na páistí fanacht méadar óna chéile fiú agus iad ag spraoi taobh amuigh. Iarraimid ar na páistí seasamh sna línte i gceart, leis na neadacha agus spás a fhágáil eatarthu. Ná leag lámh ar éinne eile nó ar rudaí a bhaineann le daoine eile le grá nó le gráin.

**Tinneas** - Is gá do pháistí agus foireann na scoile fanacht sa bhaile má bhíonn comharthaí de Covid-19 acu.

**Tuismitheoirí** –

- Is gá do dhaoine fásta mascanna a chaitheamh taobh istigh de gheataí na scoile.
- Is gá do thuismitheoirí scaradh sóisialta de 2m a choiméad ó daoine eile.
- Is gá do thuismitheoirí a bheith cinnte go bhfuil a dhótháin uimhreacha fóin túgtha don scoil ionas go mbeadh an scoil in ann teagmháil láithreach a dhéanamh má bhíonn gá.
- Is gá do thuismitheoirí páistí a choinneáil sa bhaile muna bhfuil siad ar fónamh.
- Is gá a chinnitú go bhfuil plean i bhfeidhm agat chun do pháiste a bhailiú más gá.
- Is gá do dhaoine fásta suíomh na scoile a fhágáil gan mhoill agus gan seasamh timpeall ag labhairt lena chéile. Is suíomh roinnte atá againn anseo agus iarraimid ar na daoine fásta ar fad an suíomh a fhágáil gan mhoill.
- **A Thuismitheoirí,iarraimid oraibh seasamh amach óna chéile ar shuíomh na scoile agus GAN an carr a fhágáil le páistí ó rang 1 agus rang 3 ar maidin.**

**3. Polasaí na Scoile maidir le Covid-19**
**Ráiteas um 'Polasaí Covid'**

**4. Pleanáil agus Ullmhúcháin chun Filleadh ar Scoil**

**An fhoireann**
**4.1 Oilúint Ionduchtaithe**
Tabharfaidh gach ball foirne faoi Oiliúint Ionduchtaithe Covid-19 agus cuirfidh siad i gcrích é sula bhfillfidh siad ar fhoirgneamh na scoile. anseo!

**4.2 Nós imeachta chun filleadh ar obair**
Sula bhfilleann siad ar an scoil, ní mór don fhoireann foirm Filleadh ar Obair (FO) a chomhlánú agus í a chur ar ais 3 lá sula bhfilltear ar obair. anseo

**4.3 Príomhionadaí Oibrithe**
Ceapfar Príomhionadaí Oibrithe a bheidh ag obair leis an mbord bainistíochta le cuidiú le bearta a chur i bhfeidhm chun leathadh Covid-19 a chosc agus monatóireacht a dhéanamh ar an méid atáthar ag cloí leis na bearta sin. Sibéal Breathnach agus Michelle Ní Roidigh.

**4.4 Comharthaíocht**

Póstaeir agus comharthaí le feiceáil timpeall na scoile, ag na doirse, sna seomraí foirne agus sna leithris. @gaelscoilchilldara 2019 Coiste na Dtuismitheoirí

## 4.5 Leagan amach na scoile a athrú

### 4.5.1 Gnáthaimh Seachadadh agus bailiúcháin

Tá Bord Bainistíochta agus Foireann Inbainistíochta Scoile tar éis a bheith ag obair le cinntiú go mbeimid in ann páistí agus foireann na scoile a thabhairt ar ais go sabháilte nuair a osclaímid. Tá ár bpleananna do sheachadta agus bailiúchán laethúil na bpáistí curtha i gcrích again anois.

Iarrfaimid ar thuismitheoirí/caomhnóirí dul tríd agus dul i dtaithí ar na gnáthaimh seachadadh agus bailiúcháin a leanas chun seachadadh agus bailiúchán sábháilte na daltaí ar/ón scoil a chinntiú. Beidh físeán ar fail daoibh chomh maith leis na gnáthaimh seachadadh agus bailiúcháin a mhíniú. Le bhur dtoil, bígí foighneach agus sinn ag iarraidh na gnáthaimh riachtanach, réamhchúramach agus cosantach seo a leabú at tús na scoil bliana.
https://vimeo.com/451904482/3a677f6ae2

### 4.5.2 Plean Seachadadh   Teacht Isteach ar Scoil

Níl aon líne a thuille.
Beidh nósanna imeachta faoi leith againn maidir le teacht isteach sa scoil:
Doras na Naíonán do ranganna na naíonán
Doras ½ do Ranganna ½
Doras ¾ do ranganna ¾ ( timpeall agus taobh thiar den halla ar an gcosán nua)
Doras 5/6 do ranganna 5/6

Ní bheidh na ranganna ag teacht le chéile i gclós na scoile ó 8.50 ar maidin, osclófar na doirse ag 8.50 agus siúlfaidh siad díreach isteach chuig na ranganna. Beidh na múinteoirí ranga ag fanacht orthu. Cuirfidh na MOS agus CRS fáilte romhaibh. Críochnóidh am tionóil ag 9.05. **Ná tar roimh 8.50 le bhur dtoil.** Ar bhonn sláinteachais, molaimid go dtiocfadh na páistí ar scoil ag siúl, ag rothaíocht srl i mbliana más féidir. Is féidir na rothair a chur faoi ghlas ag príomhdhoras na scoile.

Moltar do thuismitheoirí na bpáistí Rangann 3-6 slán a fhágáil leis na páistí i gcarrchlós na scoile.
Iarraimid ar thuistí na naíonán agus ranganna ½ mascanna a chaitheamh agus na páistí  a shiúil chuig na doirse ar na cosáin, bí aireach faoi scaradh sóisialta taobh amuigh den scoil i gcónaí. De dheasa srianta Covid ná siúl isteach thar cúinne na naíonán ldt.. Tá baill foirne ar dualgas ag tabhairt aire do na páistí.
Iarraimid ar na tuistmitheoirí suíomh na scoile a fhágáil gan mhoill ar bhonn Sláinte & Sábháilteachta. Tá sé seo an-tábhachtach, roinnimid an suíomh le scoil eile.

Beidh córas aontreo i bhfeidhm.

**4.5.3 Plean Bailiúcháin ag deireadh an lae**

Beidh baill foirne scoile ar fáil chun cabhrú le gach éinne dul i dtaithí ar na módhanna imeachta nua.

Tabharfar na naíonán dtí an clós mór ag 1.40 agus scaoilfear iad páiste amháin ag an am. Beidh pointí ainmnithe leagtha amach do thuistí na Naíonáin go léir. Bí aireach faoi scaradh sóisialta sa chlós agus iarraimid ar na tuistmitheoirí suíomh na scoile a fhágáil gan mhoill ar bhonn Sláinte & Sábháilteachta.

Tabharfar Ranganna ½ go dtí bun an chnoic ag 2.40, iarraimid ar thuismitheoirí na bpáistí I ranganna ½ seasamh ar an gcosán in aice le NETS. Bí aireach faoi scaradh sóisialta sa chlós agus iarraimid ar na tuistmitheoirí suíomh na scoile a fhágáil gan mhoill ar bhonn Sláinte & Sábháilteachta. Caith masc le do thoil.

**IARRAIMID AR NA TUISTÍ FANACHT SA CHARR FAOI RANGANNA 3,4,5,6.**

Tógfaidh an MOS na páistí eile go dtí na busanna.

Tabharfar Ranganna 3/4/5/6 go dtí carrchlós na scoile ag 2.40. **Iarraimid ar na tuismitheoirí fanacht sna carranna nó seasamh in aice leis an gcarr,** Ná tar trasna go bun an chnoic le bhur dtoil.

**Busanna**

- **Cinnteoimid go bhfuil na páistí atá ag fanacht ar an mbus scartha i línte sa scioból do na busanna éagsúla le spás eatraithe ar fad . Fanann baill clainne le chéile agus iad ag fanacht ar bheith scaoilte do na busanna.**
- **Siúltar i línte ag seachaint bualadh le daoine eile ar an suíomh chomh fada is féidir.**

**4.5.3 Páistí a bhailiú i rith an lae**

Má tá páiste le bailiú i rith an lae, lean na socrúcháin a leanas:

- Cinntigh go bhfuil r-phost seolta agat ag an oifig agus an múinteoir ábhartha leis na sonraí sula dtosaíonn am scoile le bhur dtoil. 045 442300 oifig@gaelscoilchilldara.com
- Nuair a thagann an duine fásta chun na scoile, ba chóir dóibh teacht go dtí an príomhdhoras and agus an oifig a chur ar an eolas go bhfuil siad tagtha.
- Tabharfaidh ball foirne an páiste ón rang go dtí an príomhdhoras.
- Leabhar Sínithe: Síneoidh an ball foirne an leabhar ar son na dtuismitheoirí.
- Níl cead ag aon duine fásta teacht isteach san fhoirgneamh scoile gan chuireadh.

**4.6 Sábháilteacht agus Measúnú Riosca a nua shonrú**

**4.6.1 Measúnú Riosca**

**4.6.2 Cuairteoirí:**

- Iarann an Bord Bainistíochta nach dtiocfaidh éinne taobh amuigh den fhoireann agus daltaí isteach chun na scoile.
- Caithfidh gach cuairteoir, (tuismitheoirí ina measc), coinne a dhéanamh sula dtagann siad isteach sa scoil. (Cásanna eisceachtúla amháin.
- Tá sé ríthábhachtach nach mbeidh tuismitheoiri ag iarraidh cruinnithe le baill foirne sa chlós ag tús/deireadh an lá scoile- Caithfear cruinnithe idir thuismitheoirí agus múinteoirí a bheith réamh eagraithe. Molaimid go mbeadh glaoch gutháin/Webex úsáidte i mbliana más féidir ar chor ar bith.
- Eagróidh na múinteoirí cur i láthair ar líne do na tuismitheoirí in áit an ghnáth chruinniú ranga a bhíonn again gach Meán Fómhair.- Déanta i Mí Meán Fomhair.
- Caithfidh gach cuairteoir masc a chaitheamh taobh istigh de gheataí na scoile.
- Buailfidh an rúnaí nó príomhoide leis an gcuairteoir ag an oifig.
- Caithfidh gach cuairteoir abheith sínithe isteach san oifig.
- Déanfar loga teagmhálaithe a choimeád san oifig.
- Scaradh fisiceach (2m) le coinneáil idir na baill foirne agus cuairteoirí.
- Polasaí gan croitheadh láimhe i bhfeidhm.
- Beidh bosca ag príomh dhoras na scoile do loin nó coati na bpáistí má thagann tuismitheoir leo déanach. Bí cinnte ainm do pháiste a chur orthu agus glaoch a chur ar an oifig le cur in iúl dúinn go bhfuil siad ann.

**<u>5. Bearta Rialaithe –Chun tabhairt isteach agus leathadh Covid- 19 a chosc</u>**

**<u>5.1 Siomptóím Covid-19 a aithint</u>**

A bheith eolach ar shiomptóim COVID-19 - teocht ard – casacht – gearranáil - boladh nó blas a bheith caillte.

- Póstaeir timpeall na scoile.
- Comhairle a chur ar bhaill foirne agus ar dhaltaí a bhfuil siomptóim orthu gan dul ar scoil, scairt a chur ar a ndochtúir agus treoir FSS a leanúint maidir le féinaonrú.
- Comhairle a chur ar bhaill foirne agus ar dhaltaí gan dul ar scoil má d'aithin FSS iad mar theagmhálaí do dhuine ar a bhfuil COVID-19 agus comhairle FSS a leanúint maidir le srian a chur ar ghluaiseacht.
- Comhairle a chur ar bhaill foirne agus ar dhaltaí a dtagann siomptóim orthu ar scoil é sin a chur in iúl don Phríomhoide láithreach.
- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil a fhios ag⌉ baill foirne agus ag na daltaí an prótacal chun cás amhrasta de COVID-19 a bhainistiú ar scoil .
- Ní mór do gach duine a théann isteach i bhfoirgneamh na scoile sláinteachas láimhe a dhéanamh le díghalrú lámh.
- Cuairteanna ar an scoil le bheith tríd coinne⌉ réámheagraithe amháin agus tríd na hoifige.
- Páistí ag athrú éadaí scoile chomh luath is a théann siad abhaile.
- Cultacha reatha do na naíonán – Luan go Aoine
- Cultacha reatha do na ranganna eile, Luan. Céadaoin, Aoine.

<u>https://youtu.be/EfQvLT0sKNc</u> Cén chaoi do lámha a nigh.

https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/school-and-covid-19/when-you-should-keep-your-child-home.html

HSE 1850 241850

**Páistí nár chóir dóibh bheith ag freastal ar scoil**

Má tá do pháiste in aon cheann de na catagóir a leanas, ná seol ar scoil iad;

- Páiste le diagnóis de Covid-19.
- Páiste atá mar dhlúth theagmhálaí le duine go bhfuil diagnóis Covid-19 faighte acu.
- Páiste le cás amhrasta Covid-19 atá ag fanacht ar thorthaí scrúdaithe.
- Páiste atá mar dhlúth theagmhálaí de dhuine atá siomptóm Covid -19, a insíodh dóibh leithlisiú a dhéanamh nó atá ag fanacht ar scrúdú thorthaí de chás amhrasta Covid-19.
- Páiste le bunfhadhb shláinte atá tar éis treoir a fháil ó dhuine proifisiúnta leighis gan dul ar scoil.
- Páiste atá sa bhaile tar éis bheith ag taisteal thar lear agus caithfidh said féin aonrú ar feadh 14 lá.
- Páiste nach bhfuil ag mothú go maith go ginearálta, nó má tá tinneas cinn nóscórnach tinn orthu.
- Eolas is nuálaí ón HSE an
- seo. 02.11.2020

Eolas Is Nualaí
https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/children-and-covid-19/if-your-child-has-symptoms-of-covid-19.html
https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/managing-coronavirus-at-home/self-isolating-and-restricting-movements-differences.html

https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/managing-coronavirus-at-home/self-isolation.html

**5.2 Sláinteachas Anál**

a Taispeáin do do pháiste conas ciarsúr nó uillinn a úsáid nuair atá siad ag casacht/ag ligean sraoth. Cuir ciarsúir sna málaí scoile le bhur dtoil.

**5.3 Sláinteachas Láimhe**

- Uisce te ar fáil.
- Gallúnach agus díghalrán ar fáil i ngach seomra
- Díghalrán lámh a úsáid ag teacht isteach agus ag fágáil na scoile.
- Póstaeir ag léiriú conas lámha a ní i gceart.
- Conas lámha a ní i gceart le míniú do na páistí.

https://youtu.be/EfQvLT0sKNc Cén chaoi do lámha a nigh.

- Ciarsúir páipéir ar fáil i ngach seomra.

- Cuir i gcuimhne do do pháiste gan a lámha a chur ar a s(h)úile, srón nó béal.

- Lámha á ní agus díghalrán lámh á úsáid ag an bhfoireann agus na páistí:

    - Ar theacht ar scoil dóibh;
    - Sula n-itheann siad nó sula n-ólann siad;
    - I ndiaidh dóibh dul chuig an leithreas;
    - I ndiaidh dóibh a bheith ag súgradh lasmuigh;
    - Nuair a bhíonn a lámha salach;
    - Nuair a dhéanann siad casacht nó sraoth

## 5.4 Scaradh Sóisialta

- Polasaí gan lámha a chroitheadh i bhfeidhm.
- Foireann ag coimeád 2m óna chéile.
- Troscán/seilfeanna breise á thógáil as na seomraí ranga. Achar 1m idir gach grúpa sa bholgán ranga más féidir.
- Bord an mhúinteora 2m ó na páistí (marcáilte le téip ar an urlár).
- Páistí sna seomraí oideachais speisialta 1m óna chéile.
- Socróídh an múinteoir ranga na neadacha.
- Gach rang ag súgradh leis an Rang eile ag an leibhéal céanna ag am sosa sa chlós.
- Dhá sheomra foirne leagtha amach. Seomra Foirne na Múinteoirí agus Seomra na dTuismitheoirí agus an Halla. Spás nb don fhoireann ar fad.
- Sosanna céimnithe do na ranganna ar fad.
- Pobail faoi leith ag bualadh le chéile sa seomra foirne.
- Seomra folctha faoi leith do gach pobal.
- Cruinnithe foirne ar siúl sa halla nó ar ar líne.
- Cruinnithe Eolais leis na tuismitheoirí ag tarlú ar líne.

## 5.5 Úsáid TCP (Trealamh Cosanta Pearsanta)

- Masc ar ghach cuairteoir agus tuismitheoir a thagann isteach sa scoil.
- Bosca TCP ar fail do gach ball den fhoireann.
- Iarraimid ar thuismitheoirí masc a chaitheamh ar shuíomh na scoile.
- Masc á chaitheamh ag ghach oide agus CRS. Caithfidh gach duine fásta masc a chaitheamh taobh istigh de gheataí na scoile ach amháin nuair atá siad ina seomra ranga féin 2 m ó éinne eile nó ag ithe lóin. Ní leor scáthlán.
- I líne le treorlínte na roinne Feabhra 2021 agus return to school cpsma 25ú Feabhra 2021, caithfidh foireann na scoile masc máinlia de ghrád (EN14683)- Ní leor aon saghas clúdú adhaigh eile nó scáthlán.
- Tá na mascanna seo curtha ar fáil do gach baill fóirne .
- Tá freagracht ar gach baill fóirne fáilt réidh leo i bealach oiriúnach slándála.
- Scáthlán ar fáil do gach ball foirne- ach ní leor scáthlán leis féin.
- TCP (lámhainní, masc, naprún) ar fail don fhoireann ar fad agus le caitheamh ag an té atá

- (1) ag cuidiú le riachtanais chúraim phearsanta
- (2) ag cabhrú i gcás ina n-aithnítear cás amhrasta de COVID-19 agus an scoil ag feidhmiú
- (3) ag tabhairt aire do pháistí a bhfuil riachtanais leighis acu
- (4) le haghaidh garchabhrach

**6. Tionchar Covid-19 ar imeachtaí áirithe I nGSCD**

- Obair bhaile ar ceal i Meán Fómhair go dtí an 28.09.2020. suirbhé le roinnt leis na tuismitheoirí.- OB tosaithe anois DF 2020
- Ní bheidh imeachtaí iarscoile ar siúl ag tús na scoilbhliana.
- Tionól scoile sa halla ar ceal ag tús na scoilbhliana.
- Beimid ag déanamh Corp oideachas taobh amuigh chomh minic agus is féidir.
- Caithfear na héadaí scoile ar fad a thabhairt abhaile gach lá mar ní féidir linn ionad earraí caillte a eagrú go sábháilte i mbliana.
- Beidh béim curtha ar na teangacha, mata, corpoideachas agus OSPS, Folláine agus Ealaín i mbliana.
- Leabhar leabharlaine i coraintín ar feadh 72 uair a chloig

**7. Sláinteachas agus Glantachán**

- Dianghlanadh déanta i rith an tsamhraidh agus ag gach briseadh.
- Glantóirí ag teacht ó 2.30 gach lá chun seomraí ranga, leithris, oifigí a ghlanadh.
- Glantóir istigh ó 12 gach lá i rith an lae ag glanadh na pointí teagmhála is coitianta sna seomraí ranga fad is atá na páistí sna clóis. Na boird, na cathoireach, hanlaí doirse, sconnaí srl.
- Ábhar glantacháin i ngach seomra ranga ionas gur féidir leis an oide a (h)áit féin a ghlanadh i rith an lae.
- An bord sa seomra foirne le glanadh tar éis ríomhaire nó fón póca pearsanta a chur air ag an té a chuir síos é.
- ICT, meaisín fótócóipeála, fón na scoile le glanadh gach uair a úsáidtear iad.
- Duine amháin ag fótacóipeáil ag an am.

**Glanadh seomraí ina raibh dalta/ball foirne a raibh amhras faoi COVID-19 i láthair**

- Tugtar masc don té a bhfuil amhras fúthu agus tugtar iad go dtí an spás leithlisiú.
- Tá an spás leithlisiú i seomra in aice leis na leithris Ranganna 3.
- Ba chóir an seomra a ghlanadh a luaithe agus is féidir.
- Nuair a bheidh an seomra folamh níor chóir an seomra a athúsáid go dtí go mbeidh an seomra glanta agus díghalraithe go maith agus go bhfuil na dromchlaí uile tirim.
- Ní oibríonn díghalrú ach ar rudaí atá glan.
- Nuair a bhíonn díghalrú ag teastáil ní mór glantachán a dhéanamh freisin.

- Ba chóir go seachnódh an duine a mbíonn air an glantachán a dhéanamh teagmháil lena aghaidh agus é ag glanadh agus ba chóir dó lámhainní tí agus naprún plaisteach a chaitheamh. PPE
- Glan an timpeallacht agus an troscán ag baint úsáid as éadach glantacháin agus ansin dean díghalrú le táirge clóirínbhunaithe.
- Tabhair aird faoi leith ar dhromchlaí a mbíonn teagmháil go minic leo, cúl cathaoireacha, boird, hanlaí doirse agus aon dromchlaí atá salach.
- Nuair a bheidh an seomra glanta agus díghalraithe agus na dromchlaí uile tirim, is féidir an seomra a úsáid arís.
- Má tá am caite ag dalta nó ball foirne a ndearnadh diagnóis air le COVID-19 i limistéar comhroinnte cosúil le seomra ranga, limistéar súgartha nó má d'úsáid sé na leithris ba chóir na limistéir sin a ghlanadh le glantach tí agus díghalrán ina dhiaidh (mar atá mínithe sa Chomhairle sláinte eatramhach ón HPSC) a luaithe is féidir

**8. Ag Déileáil le Cás Amhrasta de COVID-19**

Dá mbeadh comharthaí COVID-19 á dtaispeáint ag foireann/dalta agus iad ar scoil, ní mór na nósanna imeachta seo a leanúint

- Ba choir dul i dteagmháil leis an Múinteoir OS agus déanfaidh siad teagmháil le 1.Niamh· 2. Caitríona nó 3.an oifig láithreach.
- Más rud é gur páiste é/í an duine le cás amhrasta, ní mór dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an pháiste láithreach.
- Déanfaidh an scoil teagmháil leis na tuismitheoirí tríd an oifig.
- Ní mór an duine a leithlisiú agus nós imeachta a chur i bhfeidhm chun iad a thabhairt ar an mbealach leithlise go dtí an t-ionad leithlise, ag fanacht 2m nó níos faide ón duine tinn agus ag déanamh cinnte go bhfuil gach éinne eile 2m ar a laghad ón duine tinn i gcónaí.
- Ós rud é nach féidir leis an bhfoireann spas 2m a choimeád ón bpáiste ina chúram, ba cheart don bhall foirne PPE a chaitheamh ann.
- Cuir clúdach aghaidhe ar fáil don duine le·comharthaí COVID-19.
- Cuirfidh an oifig glaoch ar an tuismitheoir/caomhnóir (tá sé ríthábhachtach go bhfuil uimhir gutháin reatha tuismitheora/caomhnóra ag an scoil gur féidir teagmháil láithreach a dhéanamh leo).
- Ba chóir don tuismitheoir/hcaomhnóir glaoch ar an dochtúir agus ba chóir don dalta leanúint ag leithlisiú sa bhaile
- Muna bhfuil an duine tinn in ann dul abhaile láithreach, cabhraigh leis leithlisiú ar scoil. Níor chóir dó a lámha a chur ar dhaoine eile, dromchlaí nó rudaí. Ba chóir comhairle a thabhairt don duine le comharthaí COVID-19 a bhéal agus a shrón a chlúdach leis an gciarsúr a chuirtear ar fáil nuair a bhíonn sé ag casacht nó ag sraothartach, agus an ciarsúr a chur sa mhála dramhaíola a chuirtear ar fail.
- Má tá sé de chumas ag an duine filleadh abhaile, socraigh go n-iompróidh duine ainmmnithe é abhaile chomh luath is féidir agus tabhair comhairle dó a chuid comharthaí a chur in iúl dá dhochtúir ar an bhfón.
- Má tá an duine ró-thinn chun filleadh abhaile nó má tá comhairle bhreise de dhíth ort, cuir glaoch ar 999 nó 112 agus cuir in iúl dóibh gur cás amhrasta COVID- 19 é/í an duine tinn.
- Líonfar foirm tuairisce ina dhiadh aon leithlisiú
- Déan socrú ar ghlantóireacht oiriúnach don seomra leithlise agus na láithreacha.

## 8.1 Ag deiléail le Cás Deimhnithe de Chovid - 19 i nGaelscoil Chill Dara Príobháideachas agus rúndacht

## Má tá do pháiste ainmnithe mar gar-teagmhálaí ar scoil https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/child-close-contact-covid-19-school.html

Deimhniú toraidh réamhbhraite agus deimhniú toraidh braite

**Cad ba cheart don scoil a dhéanamh má tá siomptóim ar dhalta/scoláire agus é/í ar scoil**
Ba chóir an dalta/scoláire a thabhairt láithreach chuig an limistéar leithlisithe ainmnithe sa scoil, ar cheart aeráil mhaith a bheith ann agus, más féidir, fuinneog inoscailte ar an taobh amuigh.

Ba chóir don scoil teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus iarraidh orthu a bpáiste a thógáil chomh luath agus is féidir. Ba chóir ball foirne ainmnithe a bheith ag tabhairt aire don dalta/scoláire go dtí go dtógfar iad. Ba chóir don bhall foirne atá ag tabhairt aire don pháiste gach réamhchúram riachtanach a ghlacadh mar a bhfuil breac-chuntas air sa doiciméad um threoir ar shláinte phoiblí. Ní gá don bhall foirne atá ag cabhrú i leith an dalta/scoláire dul abhaile ach amháin má fhorbraíonn siad siomptóim iad féin, nó má thugann sláinte phoiblí comhairle dóibh é sin a dhéanamh.

Tar éis don dalta/scoláire siomptómach an limistéar leithlisithe a fhágáil, ba chóir é a ghlanadh agus dromchlaí teagmhála a dhíghalrú.

**Cad ba cheart don scoil a dhéanamh má tá siomptóim ar bhall foirne agus é/í ar scoil**
Is ar an mball foirne atá an fhreagracht a chur in iúl don phríomhoide láithreach go bhfuil siomptóim air/uirthi. Ba chóir don bhall foirne dul abhaile láithreach, féin-aonrú a dhéanamh agus athbhreithniú leighis a lorg óna ndochtúir (cuir glao ar an dochtúir má tá siomptóim COVID-19 ort, ná téigh go dtí an dochtúir. Is saor in aisce é athbhreithniú dochtúra le haghaidh COVID-19, agus tástáil COVID má tá siad riachtanach.)

**Cad ba cheart don scoil a dhéanamh má chuirtear in iúl dóibh ar an nguthán go bhfuil siomptóim ar dhalta/scoláire**
Iarrtar ar an bPríomhoide díreach nóta a dhéanamh de neamhláithreacht an dalta/scoláire. Féadfaidh an príomhoide cur síos achomair a dhéanamh ar shiomptóim an dalta/scoláire, má chuireann an tuismitheoir in iúl iad. **Ach níl iallach nó idteideal ar an bpríomhoide fiafraí faoi shiomptóim chliniciúla.** Is féidir le scoileanna a mheabhrú do thuismitheoirí, má tá imní orthu go bhféadfadh siomptóim COVID-19 a bheith ar pháiste, nár cheart don pháiste freastal ar scoil, agus gur cheart dóibh teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir gan mhoill. Níl aon ghníomh eile ón scoil ag teastáil ag an gcéim sin.

**Ar cheart do scoil a chur in iúl do phobal na scoile go bhfuil siomptóim ar bhall foirne nó dalta/scoláire**
Níor cheart. Iarrtar ar scoileanna a thabhairt dá n-aire nár cheart dóibh a chur in iúl do thuismitheoirí eile nó do bhaill foirne go bhfuil dalta/scoláire nó ball foirne tar éis dul abhaile mar gheall ar a siomptóim. Ní gá daltaí/scoláirí eile nó baill foirne a bhaint amach as ranganna. Áirítear leis sin deartháireacha agus deirfiúracha nó baill teaghlaigh eile ag baill foirne nó daltaí/scoláirí.

**Ar cheart deartháireacha agus deirfiúracha/baill teaghlaigh de chuid duine a bhfuil siomptóim orthu a bhaint amach ó thimpeallacht na scoile**
Níor cheart ach amháin faoi thosca áirithe: Má shocraíonn dochtúir an dalta/scoláire/bhaill foirne go bhfuil a siomptóim comhsheasmhach le COVID-19 (e.g. fiabhras NÓ casacht nua, giorrú anála, meath ar riocht riospráide reatha, aon chaillteanas nó athrú sa bholadh nó sa bhlaiseadh) gur cás amhrasta COVID-19 an duine agus go gcuirfear ar aghaidh é nó í le haghaidh tástála. Is ag an bpointe sin gur chóir baill teaghlaigh an duine a bhfuil siomptóim air/uirthi, deartháireacha agus deirfiúracha nó leanaí baill foirne, a thógáil amach ón scoil ag a dtuismitheoirí nó caomhnóirí.

**Má chuirtear cás deimhneach in iúl don scoil, cad ba chóir don scoil a dhéanamh**
Má bhí an cás COVID-19 sa scoil le linn na tréimhse tógálaí ba chóir don scoil fanacht le glao ón Rannóg Sláinte Poiblí. Tarlóidh sé sin ar an lá céanna de ghnáth ach d'fhéadfadh sé tarlú an lá ina dhiaidh. Is í an "tréimhse thógálachW an fráma ama inar féidir le duine a bhfuil galar tógálach air/uirthi é a scaipeadh do dhaoine eile - san áireamh sa "tréimhse

thógálach" do COVID-19 tá na 24 huaire roimh thástáil i leith cásanna aisiomptómacha, nó na 48 n-uaire roimh thús siomptóm i leith cásanna siomptómacha).

Tá sé tábhachtach cuimhneamh air nach bhfuil an cás deimhnithe sa scoil a thuilleadh agus, mar sin, go bhfuil an riosca a bhaineann le tras-seoladh an ghalair ón duine seo bainte de thimpeallacht na scoile. Mura raibh an cás laistigh de thimpeallacht na scoile nuair a bhí sé tógálach, ní chuirfidh sláinte phoiblí glao ar an scoil de ghnáth mar níl aon riosca suntasach ann go bhfuil an cás tar éis an galar a scaipeadh i dtimpeallacht na scoile.

Nuair a dhéanfaidh na dochtúirí sláinte poiblí teagmháil leis an scoil cuirfidh siad roinnt ceisteanna agus tabharfaidh siad faoi Mheasúnú Riosca Shláinte Phoiblí (MRSP) leis an scoil.

Cabhróidh ullmhúchán na faisnéise a theastaíonn roimh ré (de réir fhormáid na bileoige Excel a cuireadh ar fáil an 24 Meán Fómhair 2020) leis an scoil, agus an Rannóg Sláinte Poiblí, má dhéantar Measúnú Riosca Shláinte Phoiblí (MRSP) .

**Cad is féidir liom a bheith ag dréim leis nuair a chuirfidh Sláinte Phoiblí glao orm**
Cuirfidh an Rannóg Sláinte Poiblí réigiúnach roinnt ceisteanna agus déanfaidh siad measúnú riosca. Sainaithneoidh Sláinte Phoiblí aon dlúth-theagmhálaithe ó thimpeallacht na scoile leat, trí phróiseas an Mheasúnaithe Riosca Sláinte Phoiblí (MRSP).

Iarrfaidh an Rannóg Sláinte Poiblí ort faisnéis maidir leis na dlúth-theagmhálaithe aitheanta a chur ar fáil. Beidh an fhaisnéis seo ag teastáil i bhformáid Excel shonrach.

Is é an bunús dlí le sonraí iarrtha a chomhroinnt le Sláinte Phoiblí (Oifigigh Leighis Sláinte agus baill foirne i Rannóga Sláinte Poiblí) ná na Rialacháin um Ghalair Thógálacha 1981 arna leasú agus lena gcuirtear ar fáil an fhreagracht dhlíthiúil as Sláinte Phoiblí in Airteagal 11 agus an t-údarás in Airteagal 19 ina sloinntear ‘"Aon duine a dhiúltaíonn cloí le ceanglas nó treoir a thugtar nó iarratas ar fhaisnéis déanta de bhun aon cheann d’fhorálacha na Rialachán seo; beidh an duine sin freagrach as sárú na Rialachán seo". Comhlíonann an reachtaíocht seo coinníollacha c, d agus e d’Airteagal 6 RGCS maidir le dlíthiúlacht na próiseála, agus ceadaítear próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta faoi Airteagal 9 2 (i).

**Cad a tharlaíonn má fhaigheann múinteoirí nó scoláirí fógraí ar Aip Rianaire COVID FSS**
Aithníonn na Rannóga Sláinte Poiblí dlúth-theagmhálaithe laistigh de thimpeallacht na scoile tar éis Measúnú Riosca Shláinte Phoiblí (MRSP). Má tá aon fhaisnéis ann ó Aip Rianaire COVID FSS, measfar an fhaisnéis seo sa mheasúnú riosca. Ach d’fhéadfadh sé nach measfar gach duine a fhaigheann fógra tríd an Aip mar dhlúth-theagmhálaithe, nó a mhalairt – féadfaidh Sláinte Phoiblí a chinneadh gur dlúth-theagmhálaithe iad roinnt daoine nach bhfuair fógra ón Aip. Cé gur uirlis an-úsáideach í an Aip chun faisnéis ar dhlúth-theagmhálaithe féideartha a bhailiú, gabhann measúnú riosca agus comhairle Shláinte Phoiblí treis ar an Aip. Tá sé seo amhlaidh de bhrí go mbailíonn Measúnú Riosca Shláinte Phoiblí (MRSP) faisnéis níos caolchúisí agus níos ilghnéithí chun breithmheas a thabhairt ar riosca an tras-seolta i dtosca sainithe.

**An gcuirfidh an Rannóg Sláinte Poiblí treoracha ar fáil don scoil maidir le conas leanúint ar aghaidh**
Nuair a bheidh Measúnú Riosca Shláinte Phoiblí curtha i gcrích, tabharfaidh an Rannóg Sláinte Poiblí comhairle duit ansin maidir le treoracha um shláinte phoiblí.

Is é an tOifigeach Leighis Sláinte/Oifigeach sláinte a chuirfidh ar fáil na treoracha sin ar chomhairle an OLS, de réir na reachtaíochta um ghalair thógálacha.

Mar chuid den chomhairle de ghnáth iarrfar ar phríomhoide na scoile:

- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí/scoláirí, a dheimhníonn Sláinte Phoiblí a bheith ina "ndlúth-theagmhálaithe". Iarrfaidh príomhoide na scoile ar thuismitheoirí na ndaltaí/scoláirí sin iad a thógáil ón scoil a luaithe is atá sábháilte agus is féidir, ionas gur féidir leo tosú ag srianadh a ngluaiseachtaí. D’fhéadfadh sé fós gur deireadh an lae scoile atá ann. Féadfaidh Sláinte Phoiblí a iarraidh ar an scoil freisin litir/teachtaireacht téacs nó treoir i scríbhinn a chur chuig na tuismitheoir/caomhnóirí seo, arna n-ullmhú agus arna gcur ar fáil ag Sláinte Phoiblí.
- Déan teagmháil le haon bhall foirne a d’fhéadfadh a bheith deimhnithe ag Sláinte Phoiblí mar “dhlúth-theagmhálaí” agus iarr air/uirthi dul abhaile agus tús a chur le srianadh a ngluaiseachtaí.

**Cad í an tréimhse gluaiseachtaí srianta nach mór do dhalta/scoláire nó ball foirne a mheastar a bheith mar "dhlúth-theagmhálaí" cloí léi**
Iarrfar ar dhaltaí/scoláirí a ngluaiseachtaí a shrianadh agus gan freastal ar scoil ar feadh lan 14 lá.

Tá seo amhlaidh mar is féidir leis suas le 14 lá a ghlacadh don víreas a bheith le brath i do chóras tar éis duit a bheith i mbaol é a tholgadh. De réir rialacháin um chosaint sonraí, ní féidir le scoil ainm an dalta/scoláire agus/nó an bhaill foirne a tástáladh deimhneach ('braite') le haghaidh COVID-19 a dheimhniú.

**Má dheimhnítear cás - cá fhad siar a htéann Sláinte Phoiblí chun dlúth-theagmhálaithe a mheas**
Le haghaidh cáis dheimhnithe COVID-19 a bhí siomptómach, sainaithneoidh Sláinte Phoiblí dlúth-theagmhálaithe sa tréimhse 48 n-uaire sular éirighan duine siomptómach.

Má bhí an cás deimhnithe aisiomptómach, sainaithneoidh sláinte phoiblí ansin dlúth-theagmhálaithe don tréimhse 24 huaire sula ndearnadh an tástáil.

**An dteastaíonn rianú teagmhála laistigh de phobal na scoile i gcónaí**
Ní theastaíonn. B'fhéidir nach gá aon rianú teagmhála a dhéanamh laistigh de thimpeallacht na scoile do dhuine a shainaithnítear mar chás deimhnithe COVID-19.

Ba í an chúis ba dhócha a bheadh leis sin nach raibh an duine ar scoil nuair a bhí sé/sí tógálach, agus mar sin ní theastóidh aon rianú teagmhála le daoine eile sa scoil. Sa chás sin ní dhéanfadh Sláinte Phoiblí teagmháil leis an scoil.

**Chuala mé go bhfuil duine éigin ón scoil sainaitheanta mar chás deimhnithe COVID-19 - cén fáth nach ndearna Sláinte Phoiblí teagmháil liom**
B'fhéidir gur cinneadh cheana féin nach bhfuil aon dlúth-theagmhálaithe ná riosca tras-seolta ann laistigh de thimpeallacht na scoile e.g. mura raibh an duine sa scoil le linn na tréimhse tógálaí. Nuair is gá do Shláinte Phoiblí teagmháil a dhéanamh le scoil, déanfaidh siad é sin an lá céanna de ghnáth, nó an lá ina dhiaidh. Is cleachtas sábháilte é sin, mar níl an cás i dtimpeallacht na scoile a thuilleadh, agus mar sin níl an riosca a bhaineann le tras-seoladh ón gcás i láthair a thuilleadh.

**An féidir leis an scoil ainm an dalta/scoláire nó an bhaill foirne ar cás deimhnithe COVID-19 é/í a chomhroinnt**
Ní féidir, ní féidir leis an scoil ainm an duine a thástáil deimhneach le haghaidh COVID-19 (Covid-19 braite) a chomhroinnt. Tá an fhaisnéis sin príobháideach agus faoi rún. Ní inseofar ainm an cháis dheimhnithe do dhlúth-theagmhálaithe.

**An bhfuil an scoil ag cloí le riachtanais RGCS nuair a bhailíonn sí agus a chomhroinneann sí faisnéis ar dhlúth-theagmhálaithe/teagmhálaithe casta le FSS**
Tá, faoi na Rialacháin um Ghalair Thógálacha 1981, arna leasú, iarrann Oifigigh Leighis Sláinte go mbaileoidh tú na sonraí, iad a choinneáil slán agus gan iad a scaoileadh do Shláinte Phoiblí ach amháin nuair a iarrtar ort é sin a dhéanamh mar chuid de na fiosruithe ar chás deimhnithe nó amhrasta COVID-19. Déantar foráil le haghaidh phróiseáil na sonraí seo ag an OLS faoi RGCS, catagóir sonraí speisialta 9 2(i).

**Cad faoi má dhéanann an preas, na meáin nó mórphobal na scoile teagmháil leis an scoil**
Is é atá sa mhéid seo a leanas ráiteas cineálach as a bhféadfadh scoileanna leas a bhaint ina iomláine nó i bpáirt chun freagairt ar cheisteanna ón bpreas nó ó na meáin.

"Ní féidir leis an scoil aon tráchtaireacht a dhéanamh ar chásannaaonair ná ar ráigeannaCOVID-19, ar mhaithe le príobháideachas agus rúndacht na ndaoine i gceist a chosaint.
Is féidir leis an scoil a dhearbhú go rabhamar i dteagmháil le FSS. Áirítear mar chuid de ról FSS Measúnú Riosca Sláinte Poiblí a dhéanamh. Mar chuid den mheasúnú riosca sin, sainaithneofar gach dlúth-theagmhálaí, déanfar teagmháil leo agus cuirfear in iúl dóibh na chéad chéimeanna eile. Iarrtar ar dhlúth-theagmhálaithe gan teacht ar scoil, de réir chomhairle Shláinte Phoiblí FSS. Mura ndéanann Sláinte Phoiblí teagmháil leat, ní bheidh tionchar ort agus is féidir leat leanúint ar aghaidh ag freastal ar scoil.

Leanfaidh an scoil ar aghaidh ag obair le FSS, ag cinntiú go mbíonn gach prótacal sláinteachais, sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm ag an scoil chun COVID-19 a chosc agus a shrianadh."

---

**Má fhorbraíonn dalta/scoláire agus/nó ball foirne siomptóim**

**Conas a dhéanfar tástáil a shocrú do na daltaí/scoláirí agus/nó baill foirne sin**
Tabharfar comhairle don dalta/scoláire nó ball foirne teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir. Déanfaidh a ndochtúir measúnú orthu agus cinnfidh sé/sí ar chóir iad a chur ar aghaidh le haghaidh thástáil COVID-19. Má chuirtear duine ar aghaidh le haghaidh thástáil COVID-19, gheobhaidh sé/sí teachtaireacht téacs le heolas maidir leis an gcoinne (am agus áit).

**Má tá siomptóim ar dhalta/scoláire a d'fhéadfadh a bheith comhsheasmhach le COVID-19 – cad is gá do na tuismitheoirí/caomhnóirí a dhéanamh**
Má tá siomptóim ar pháiste a d'fhéadfadh a bheith comhsheasmhach le COVID-19, ba chóir do na tuismitheoirí/caomhnóirí glao a chur ar a ndochtúir. Déanfaidh a ndochtúir cinneadh ar chóir dóibh tástáil le haghaidh COVID-19 a fháil. Má chinneann an dochtúir nach dteastaíonn tástáil COVID-19 ón bpáiste, is ag an bpointe sin a iarrfar ar gach duine ina dteagmhálaithe teaghlaigh a ngluaiseachtaí a shrianadh. Ciallaíonn sé sin gur chóir deartháireacha agus deirfiúracha nó baill foirne sa teaghlach céanna leis an duine a bhfuil siomptóim air/uirthi a bhaint amach as timpeallacht na scoile. Ní iarrtar ach ar an gcás siomptómach féin-aonrú a dhéanamh.

**Tabhair faoi deara:** Beidh a lán cásanna ann ina gcinnfear nach dteastaíonn tástáil, e.g. de bhrí go gceapann an dochtúir nach COVID-19 is cúis le siomptóim an pháiste agus gurbh fhéidir go bhfuil cúis éigin eile leo, e.g. an slaghdán. Mura molann an dochtúir tástáil COVID, agus má tá tinneas an pháiste ina thús, is é an moladh atá ann breathnú ar an bpáiste ar feadh 48 n-uaire agus gur féidir leo filleadhar scoil mura bhforbróidh aon siomptóim eile. Má tá diagnóis éagsúil déanta ag an dochtúir, ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí comhairle agus moltaí a leanúint maidir le heisiamh ag brath ar an diagnóis sin.

**Cé chomh luath agus a gheobhaidh dalta/scoláire nó ball foirne tástáil**
Gheobhaidh an duine fógra uathoibríoch maidir le coinne sceidealaithe ag ionad tástála ag an gcéad gcoinne shaor eile le haghaidh tástála.

**An bhfaighidh an dalta/scoláire nó ball foirne tástáil amháin nó níos mó ná tástáil amháin mar gheall ar a bheith siomptómach? Más é an dara cás atá amhlaidh, cén fáth**
Má tá siomptóim ar an dalta/scoláire nó ball foirne agus má chuir a ndochtúir ar aghaidh iad le haghaidh tástála, gheobhaidh siad tástáil amháin.

---

**Má shainaithnítear dalta/scoláire/ball foirne mar dhlúth-theagmhálaí**

**Conas a dhéanfar tástáil a shocrú do dhaoine a shainaithnítear mar dhlúth-theagmhálaí**
Cuirfidh FSS teachtaireacht téacs le dáta, am agus áit le haghaidh coinne do thástáil nó thástálacha COVID-19 saor(a) in aisce.

**Cé chomh luath agus a gheobhaidh an dalta/scoláire nó ball foirne tástáil tar éis a bheith sainaitheanta mar dhlúth-theagmhálaí**
Is í Sláinte Phoiblí a chuirfidh in iúl uainiú na tástála do dhlúth-theagmhálaithe. Braithfidh sé sin ar an uair go deireanach a raibh an dalta/scoláire/ball foirne i dteagmháil leis an gcás deimhneach. Socrófar tástáil laistigh de 1-2 lá

**An bhfaighidh an dalta/scoláire nó ball foirne tástáil amháin nó níos mó ná tástáil amháin? Más é an dara cás atá amhlaidh, cén fáth**
Cuirfidh Sláinte Phoiblí in iúl an bhfuil tástáil amháin le haghaidh COVID-19 nó níos mó ag teastáil ó dhalta/scoláire/bhall foirne. Beidh tástáil ag teastáil uathu de ghnáth ar Lá 0 agus ar Lá 7 ó nochtadh iad go deireanach don chás deimhnithe, ach féadfaidh tosca a bheith ann nach n-éileoidh Sláinte Phoiblí ach tástáil amháin a dhéanamh

m.sh. má tá go leor ama imithe ionas go mbeidh an chéad tástáil do dhlúth-theagmhálaithe ann 7 lá ó bhí sé/sí go deireanach i gcuideachta an duine, ní theastóidh ach tástáil amháin orthu. Déanfaidh dochtúirí Sláinte Phoiblí an breithiúnas sin tar éis an mheasúnaithe riosca.

**9. Riachtanais Speisialta Oideachais**

Cuirfear Tacaíocht Foghlama ar fáil. Eagrófar é i slí a choinneoidh ár múinteoirí ag obair leis an bpobal/ na ranganna céanna i gcónaí.

- Tá an cinne déanta nach mbeidh múinteoirí TF ag tabhairt tacaíochta in ranga . Má tá gá le tacú do pháistí tá sé de cheart freastal orthu lasmuigh den rang.
- I gcás páistí R3-6 atá ag fail tacaíochta seomra TF, beidh scaradh sóisialta 1 méadar idir gach páiste i bhfeidhm.
- Glanfar na boird agus cathaoireacha sa seomra TF idir gach grúpa difriúil.

**10. Dualgais Foirne**

**Ag Eagrú Fearas Scoile**

- A chupán, pláta, sceanra féin le gach ball foirne ar scoil.
- Ní dhéantar aon ábhar foghlama, uirlísí ceoil, fearas mata srl a roinnt idir na neadacha.
- Ní roinneann páistí aon fhearas scoile, márla, leabhair, buidéil, bia srl.
- Aon bhréagáin nach féidir a ní le cur I seomra stórais.
- Bréagáin le glanadh go rialta.
- Ainm ag gach páiste ar a mhála, bhosca lóin, fhillteán.
- Fillteán ag gach páiste sa scoil a choimeádann siad ar scoil – leabhair, cóipleabhair, pinn luaidhe, criáin, scuabanna péint srl sa bhfillteán.
- Tá sé de dualgas ar gach baill fóirne fáilt ré le PPE usáidte i bealach sábhailte.

**11. Bainistiú Neamhláithreachta**

Sa chás nach mbeidh múinteoir in ann freastal ar scoil, déanfar gach iarracht Múinteoir Ionaid a fháil don rang. Muna bhfuil Ionadaí ar fail, ní féidir an rang a roinnt agus a sheoladh thart go ranganna eile faoi choinníollacha Covid-19. I gcásanna mar seo, deanfaidh MOS nó an PO ionadaíocht má tá duine acu ar fail. I gcás nach bhfuil múinteoir Ionaid nó Múinteoir Tac Foghlama ar fáil, cuirfear teachtaireacht trí Aladdin ag tuismitheoirí, páistí a choinneáil sa bhaile nó iad a bhailiú ón scoil.

- Ón filleadh scoile Márta 2021 tá go leor aistriú déanta maidir le múinteoirí sa bhreis ag dul go ranganna éagsúla.

- Mar chuid de seo ní bheidh Múinteoirí tacaíocht foghlama ag freastal ar páistí ar son tacaíocht in ranga.

- I gcás go bhfuil neadacha ranganna curtha abhaile mar gar-teagmhálaithe, nó go bhfuil cás deimhnithe, nó nach bhfuil ionadaí, nó go leor baill fóirne GSCD ar fáil chun freastal go sábhailte ar feidhlíocht páistí; beidh gá do pháistí fancht sa bhaile mar is cuí agus ath-thosú ar an foghlaim sa bhaile. Déantar ár seacht ndícheall chun tuismitheoirí a chuir ar an eolas chomh luath is féidir.

**12. Clár um Chúnamh agus Fholláine Fostaithe**

**https://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Employee-Assistance-Service/employee-assistance-service.html**

- **Má tá aon ball fóirne atá aithinte mar 'baol árd' Ba chomhair labhairt le bainistíocht. Tá roinnt scéimeanna nua tinneas ar fáil sna cáiseanna seo.**


**Nótaí Tábhachtacha**


- An méid is lú daoine ar shuíomh na scoile is fearr.
- Is féidir cumarsáid a dhéanamh linn tríd rphost nó fón, 9-2.40, Luan go Aoine: oifig@gaelscoilchilldara.com
- Masc le caitheamh taobh istigh de gheataí na scoile ag am ar bith do dhaoine fásta.
- Ní mholtar masc do pháistí faoi bhun 13 bliana d'aois, ach má tá tuismitheoir/páíste ag iarraidh go gcaithfeadh a bpáiste masc, tá an tuismitheoir freagrach as mascanna a chuir ar fáil agus múineadh don pháiste conas iad a chaitheamh agus a láimhseáil i gceart.
- Ní gá do na páistí díghalrán lámh a thabhairt ar scoil. Tá sé ar fáil i ngach seomra agus ag gach doras.
- Páistí a choimeád sa bhaile má tá comhartha COVID-19 orthu.
- Ranganna 1-6, cultacha reatha gach Luan, Céadaoin agus Aoine.
- Cinnte a dhéanamh de go n-athraíonn na páistí a gcuid éadaí nuair a théann siad abhaile.
- Ainm na bpáistí a chur ar gach rud a thógann siad ar scoil.
- Uimhir teagmhála reatha tuismitheora/caomhnóra gur féidir teagmháil láithreach a dhéánamh leis an tuismitrheoir curtha ar fáil don scoil.
- Cinntigh go bhfuil aon rud atá ag teastáil ó do pháiste acu sula bhfágann sé/sí baile ach, má tá dearmad déanta ar rud éigin, fág é sa bhosca ag príomhdhoras na scoile agus cuir glaoch ar an oifig.
- Cinntigh go dtéann gach páiste ag a leithreas agus go níonn siad a lámha sula dtagann said ar scoil.
- Iarrtar ar thuismitheoirí a bpáistí a thógáil ar scoil agus a bhailiú in am agus suíómh na scoile a fhágáil ar an bpointe.
- Iarraimid ar thuismitheoirí na scoile scaradh sósialta a phlé leis na páistí.
- Fanfaidh na páistí sna neadacha sa ranga, sna línte agus i seomraí ranga taobh amuigh chomh maith.

- Fágfaidh na múinteoirí fuinneoga agus doirse ar oscailt chomh minic agus is féidir, dá bharr tá sé riachtnach go mbíonn na páistí ag bogadh timpeall na scoile go deas ciúin.
- Siúil ar chlé i rith an lae i nGSCD.
- Tá sosanna céimnithe ag gach rang i nGSCD.
- Fanann na páistí lena rang féin sa chlós.
- Baineann na páistí úsáide as fearas a bhaineann lena rang féin amháin. Is í/é an múinteoir ranga atá freagrach as an bhfearas seo.
- Tá trealamh TCP ar fáil do bhaill foirne i gcónaí agus ábhair sa bhreis againn go leanúnach.
- Rinneadh iniúchadh ar na hábhair TCP AR AN 30.10.20. Bhí gá le táirge amháin a mhalartú. Déanta 31.10.20

AERÁID ÚR: Guidance on building ventialation during Covid 22.09.2020
anseo!
UASDDÁTÚ Roinn Oideachas Samhain 2020
https://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/guidance/educationguidance/

- Is é aeráil an tseomra ceann de na rudaí is tábhachtaí faoi láthair.
- Molann an WHO aeráil in éineacht leis an dian-ghlanadh agus lámha a ní agus scaradh sóisialta.
- Ní gá na fuinneoga a bheith ar oscailt nuair a thagann na páistí isteach ar maidin ach is gá iad a oscailt san chéad leath-uair. Caithfidh na fuinneoga a bheith ar oscailt agus na páistí imithe ag deireadh an lae agus ag am sosa.
- Éiríonn aeráid 'báite/saurated' le slua daoine sa seomra. Mar sin, tá gá leis an aer a h-athnaucháin. Ar scoil táimid ag iarradh go mbeidh **ar a laghad fuinneog agus doras amháin ar oscailt**, le cinntiú aeráid úr, agus go bhfágann gach duine an seomra go rilata., ar a laghad faoi dhó gach lá
- Tá gá do gach duine an seomra a fhágáil ar a laghad am sosa agus am lóin . Níos minicí más féidir. Fág na fuinneoga agus dóirse ar oscailt ag na hamanta seo. NBNBNBNB agus ag deireadh an lae.
- Fiú ar **laethanta fliucha** beimid go léir ag dul amach ar feadh 5-10 nóimead ag an dá sosa, chun aer úr a fháil agus aer an tseomra a ghlanadh. Eagraigh le do pháirtí atá ar dualgas ag cinntiú go bhfuil gníomhachtaí reidh do na pháistí nuair a thagann siad ar ais .
- Ar laethnata fliucha is féidir leis an grúpa a bhí le bheith ar clós 5/6 an **scioból** a úsáid , le na doirse ar oscailt.




**Glanadh Lámha**

- **Déan cinnte go bhfuil na páistí ag Nigh a lámha go rialta i rith an lae . Ní leor díghalarú amháin. Tá galúnach ar fáil sa seomra stórais má tá sé ag teastáil uait.**
- Roghnaigh amanta a oireann an ghlanadh seo b'fhéidir roimh lón agus taréis an clós. Moltar buidéal galúnach le huisce breise a chur ar lámha na páistí ag an mbord agus iad ag fanacht.
- Ba chóir go mbeadh tuáille an-bheag ag gach pháiste le n-úsáid dá lámha fhéin. Laghdóidh sé seo go mór an úsáid de taillí lámha páipéir , is muid ag iarradh ár dramhaíl a laghdú.